# Scoil Choille – An fómhar

Eochairfhocail an cheachta seo


- dath órga
- cnó capaill
- cnónna
- iora
- dearcáin
- síolta
- crann darach
- maisiúcháin



Ar dtús, breathnaigh ar an gclár seo de Scoil Choille agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén séasúr atá i gceist?
2. Cad a tharlaíonn do na leathanta san fhómhar?
3. Cén saghas crainn a fheiceann Naoise agus a mháthair agus iad amuigh ag siúl sa choill?
4. Cad a aimsíonn Síomha agus a hathair agus iad amuigh ag siúl sa choill?
5. Cén saghas rudaí a chruthaíonn na páistí sa mhír ealaíne? maisiúcháin
6. An dtaitníonn an fómhar leat? Tabhair dhá chúis le d’fhreagra.


Foghlaim
TG4



# Scoil Choille – An fómhar

Anois, an féidir leat na príomhfhocail thíos a mheaitseáil leis an míniú ceart ar dheis? Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| **Dearcán** | cuid de phlanda a fhásann isteach I bplanda nua |
| Meán Fómhair, Deireadh Fómhair, Samhain | bia d'ainmhithe na coille |
| Cnónna | na rudaí a thiteann de na crainn san fhómhar |
| Síol | an hata atá ar dhearcán |
| Cupúil | **fásann an rud seo isteach ina chrann darach** |
| Ioraí | an dath a bhíonn ar na duilleoga san fhómhar |
| Duilleoga | míonna an fhómhair |
| dath órga | ceann d'ainmhithe na coille in Éirinn |




Foghlaim TG4

# Scoil Choille – An fómhar

Anois, an féidir leat beagán ealaíne a dhéanamh ar an gcaoi a bhfásann an dearcán beag isteach ina chrann darach mór?

Tarraing trí cinn de phictiúir bheaga a léiríonn an proiséas seo.

1. Ar dtús, tarraing pictiúr de dhearcán beag.
2. Anois, tarraing pictiúr de dhearcán le gas beag ag teacht amach as.
3. Ar deireadh, tarraing pictiúr de chrann darach mór.



# Scoil Choille – An fómhar

Anois, an féidir leat na bearnaí sa sliocht seo a líonadh?

**stoirmiúla, crainn, buí, tréimhse, caora, giorra, Samhain, athrú**

_____________ álainn den bhliain atá san fhómhar. Is iad Meán Fómhair, Deireadh Fómhair agus _________ trí mhí oifigiúla an fhómhair. Tosaíonn na dathanna sa nádúr ag_______. Athraíonn dathanna na nduilleog mar shampla. Feictear na dathanna ór, dearg agus _____ ar na duilleoga san fhómhar. Ag druidim i dtreo dheireadh an fhómhair titeann na duilleoga de na________. Chomh maith leis sin, itheann ainmhithe na coille an-chuid bia san fhómhar, cosúil le cnónna, síolta, duilleoga, torthaí agus______. Bailíonn siad an-chuid bia chomh maith ionas go mbeidh go leor bia stóráilte acu nuair a thiocfiadh an aimsir fhuar sa gheimhreadh. Éiríonn na laethanta níos ______ i rith an fhómhair, titeann an teocht agus éiríonn an aimsir in Éirinn níos fliche agus níos ______________. In ainneoin na drochaimsire, is am deas den bhliain é an fómhar, gan dabht.



Foghlaim TG4

# Scoil Choille – An fómhar

Freagraí

1. An fómhar
2. Éiríonn siad níos giorra
3. Crann darach
4. Cnó capaill
5. Maisiúcháin

Tréimhse álainn den bhliain atá san fhómhar. Is iad Meán Fómhair, Deireadh Fómhair agus Samhain trí mhí oifigiúla an fhómhair. Tosaíonn na dathanna sa nádúr ag athrú. Athraíonn dathanna na nduilleog mar shampla. Feictear na dathanna ór, dearg agus buí ar na duilleoga san fhómhar. Ag druidim i dtreo dheireadh an fhómhair titeann na duilleoga de na crainn. Chomh maith leis sin, itheann ainmhithe na coille an-chuid bia san fhómhar cosúil le cnónna, síolta, duilleoga, torthaí agus caora. Bailíonn siad an-chuid bia chomh maith ionas go mbeidh go leor bia stóráilte acu nuair a thiocfaidh an aimsir fhuar sa gheimhreadh. Éiríonn na laethanta níos giorra i rith an fhomhair, titeann an teocht agus éiríonn an aimsir in Éirinn níos fliche agus níos stoirmiúla. In ainneoin na drochaimsire is am deas den bhliain é an fómhar, gan dabht.